

# 13 CORPOIDEACHAS

Clár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

NOTAI AN MHUINTEORA

## An Cleachtas is Fearr a Chur i nGníomh

Le Pat Daly, Ceannaire ar Chluichí CLG  
& Peter Horgan, Comhordaitheoir 'Go Games'

Is annamh a chuirfidh páistí – go háirithe iad siúd a bhfuil spéis acu i gcúrsaí spóirt – amú an deis cluiche a imirt.

Nuair a fhágtar faoina gcomhairle féin iad gheobhaidh gach duine cluiche iomlán. Níl a leithéid de rud ann agus ionadaí – agus roghnófar foirne chun a chinntiú go mbeidh siad meaitseáilte chomh cothrom agus is féidir. Cé go n-imreofar an cluiche go díograiseach – go minic bíonn féith na hiomaíochta go láidir iontu siúd a imríonn cluichí – is beag tábhachta a bheidh leis an toradh deiridh – go dtí go dtiocfaidh luachanna an duine fásta isteach sa scéal, .i. áit arb é an bua bun agus barr na hócáide.



Déantar faillí ar an gcur chuige páiste-lárnach sna cúinsí seo agus ní bhraitear an spraoi ná an sult spontáineach a bhaineann díreach le rannpháirtíocht i gcluichí.

Le meas ar Chód Eitice agus ar an gCleachtas is Fearr do Spóirt na nÓg, tá a pholasaí bunúsach – agus cur chuige ar an iomlán – athchóirithe ag an CLG chun freagairt don athrú seo agus freisin chun cinntiú go bhfuil na gníomhachtaí ar fad ag réiteach leis na moltaí atá leagtha amach i siollabas na Bunscoile.

Ciallaíonn sé seo trí phríomhghné den Chlár CLG ón mBonn Aníos, a dtugtar **EOCHAIR 1 2 3 orthu, a chur i bhfeidhm:**

### EOCHAIR 1 2 3 den Chlár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

1. Cluichí le foirne beaga a dhearadh a fhorbraíonn scileanna – in Iománaíocht agus i bPeil Ghaelach ('Go Games' a thugtar orthu seo) a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla iomaíochta agus áineasa iad siúd atá páirteach, .i. *An Chéad Tadhall (faoi 8), Tadhall Sciobtha (faoi 10) agus Tadhall Cliste (faoi 12)*.
2. Ionchuir forbartha scileanna a chomhlánaíonn na cluichí a dhearadh: tarraingíonn siad seo ar spreagradh intreach na bpáistí .i. a mian máistreacht a fháil ar scileanna na hiománaíochta agus na peile Gaelaí.
3. Taca a chur faoi na cluichí agus na gníomhaíochtaí forbartha scileanna le clár athchóirithe Oideachas Cóitseálaithe, Riarathóirí agus Réiteoirí (CARE) agus ag déanamh foráil laistigh de seo d'fhoghlaim fheidhmeach ar feadh an tsaoil (ALL)

Tá na sonraí a bhaineann le gach gné díobh seo leagtha amach go hachomair thíos. Is féidir teacht ar tuilleadh eolais ag <http://gamesdevelopment.gaa.ie>




## Na 'Go Games' – Treoir Múinteora



Tá 3 'Go Games' san iománaíocht agus 3 sa pheil Ghaelach dár teideal — **An Chéad Tadhall (Aois 7/8), Tadhall Sciobtha (Aois 9/10) agus Tadhall Cliste (Aois 11/12)**. Forbraíodh iad seo chun cinntiú go bhfaigheadh páistí i scoileanna agus i gclubana araon máistreacht ar scileanna an chluiche i dtimpeallacht imeartha dhearfach, agus sa phróiseas sin, go mbanfidís sult iomlán as a rannpháirtíocht.

Cé nach bhfuil na rialacha imeartha do An Chéad Tadhall, Tadhall Sciobtha ná Tadhall Cliste greanta i gcloch – is é an príonsabal atá ann ná go gcinntítear go n-imreoidh gach rannpháirtí an chluiche iomlán agus nach mbronntar boinn ná trófaíthe nuair a bhuaitear cluichí sna 'Go Games'.



## Na buntáistí atá ann do pháistí nuair a ghlacann siad páirt sna 'Go Games':

Tugann na '**Go Games**' taithí spórtúil agus shábháilte do bhuachaillí agus do chailíní a fheidhmíonn mar thús maith chun go mbeidh baint acu leis an iománaíocht agus le Peil Ghaelach i gcaitheamh a saol ar fad.

- Foghlaimíonn páistí scileanna bunúsacha na hiománaíochta agus na peile Gaelaí a sheasfaidh leo i gcaitheamh a saol spóirt ar fad.
- Léiríonn taighde ar na 'Go Games' go mbíonn níos mó spraoi ag páistí nuair a imríonn siad cluichí den chineál seo le foirne beaga.
- Bíonn níos mó teagmhála ag na páistí leis an liathróid agus faigheann siad an deis imirt í suíomhanna éagsúla.
- Toisc go leasaítear an trealamh agus na rialacha imeartha do gach cluiche bíonn ráta oibre fisiciúil níos airde ann ach ainneoin seo, bíonn níos lú tuirse ar na rannpháirtithe
- Éiríonn na páistí níos cumasaí toisc go mbíonn siad ag glacadh níos mó páirte sna cluichí



# 13 CORPOIDEACHAS

Clár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

NOTAI AN MHIUNTEORA

## An Fáth a Leasaítear na Rialacha Igeartha:

- Chun timpeallacht spórtúil agus shábháilte a chur ar fáil do pháistí
- Chun rannpháirtíocht a uasmhéadú
- Chun cothrom na Féinne a chinntiú do gach rannpháirtí
- Chun an deis is fearr agus is féidir a thabhairt do thuismitheoirí bheith páirteach
- Chun go mbeadh an deis ann d'fhorbairt incriminteach

## An Láthair Igeartha, Am agus Trealamh

Bíonn na 'Go Games' ar siúl ar pháirc níos lú. Ó tharla go bhfuil an láthair spraoi níos lú, spreagtar páistí a n-aird a dhíriú ar an gcluiche toisc nach mbíonn an liathróid i bhfad uathu riamh!

Tá fad na himeartha laghadaithe chun cinntiú go mbeidh páistí in ann imirt ag leibhéal níos déine ach freisin go mbeidh sosanna dóthanacha acu chun teacht chucu féin arís.

Tá na leasuithe déanta ar an trealamh imeartha chun go dtuigfidh na rannpháirtithe go bhfuil rud éigin bainte amach acu agus freisin chun go mbeidh níos lú seans ann go ngortófaí duine éigin.



Moltar go n-úsáidfí camáin a bhfuil bos rubair orthu do chluichí iománaíochta sa Chéad Tadhall agus sa Tadhall Sciobtha, ach níl siad éigeantach agus is féidir gnáth-chamáin a úsáid freisin.

Ligeann fad agus leithead na páirce imeartha atá molta don úsáid is fearr agus is féidir den spás caighdeánach a bhíonn ar fáil go hiondúil.

## Déanamh Foirne

Úsáidtear foirne beaga sna Go Games. Ligeann sé seo d'imreoirí indibhidiúla níos mó den liathróid nó den sliotar a fháil. Mar go bhfuil níos lú imreoirí ann, tá an imirt níos oscailte. Cinntíonn sé seo go mbíonn níos mó deiseanna ann chun na bunscoileanna a ghnóthú, mar aon le deiseanna níos fearr.

Is í an fhealsúnacht atá taobh thair de ná go bhfaigheann gach imreoir an deis imirt i gcluiche iomlán. Ba cheart do chóitseálaithe mar sin breithniú a dhéanamh ar an líon atá ag imirt a athrú, mar shampla:

- Nuair atá fadhbanna ann, m.sh. ag cur an líon atá molta ar an bpáirc, is féidir le cóitseálaithe teacht ar aontú chun foirne a chur ar an bpáirc leis an líon céanna imreoirí
- Is féidir imreoirí atá sa bhreis ar thaobh amháin a thabhairt ag an bhfoireann eile chun a chinntiú go bhfuil an rannpháirtíocht is mó agus is féidir ann

Mar shampla, nuair atá cluiche 9 an taobh á phleanáil, má tá 12 imreoir ar fáil, d'fhéadfadh na cóitseálaithe aontú cluiche 6 an taobh a imirt.



## Úsáid Criosanna (Zóin)

Cuireann criosanna srian ar imreoirí fanacht i limistéar amháin agus cuireann sé cosc ar imreoirí a bheith ag rith i ndiaidh na liathróide/an tsiotair agus ar an bplúchadh a tharlaíonn dá bharr (an choirceog bheach) .i. nuair a bhíonn na himreoirí uile ag bailiú timpeall na liathróide. Tugann criosanna spreagadh d'imreoirí a bheith ag smaoineamh faoina suíomh ar an bpáirc sula mbeidh cead a gcinn acu bogadh thart pé áit is mian leo mar atá sna cluichí Tadhall Cliste in Iománaíocht agus i bPeil Ghaelach.

Ligeann criosanna freisin d'imreoirí atá thart ar an méid céanna nó atá cosúil lena chéile ó thaobh cumas imeartha de a bheith curtha i gcoinne a chéile. Níl criosanna ceaptha srian a chur le sruth an chluiche: de réir mar a fhorbraíonn imreoirí, is féidir fáil réidh le criosanna ar bhonn céimneach.

## Sealaíocht Imreoirí

Ceann de na príomhchuspóirí atá ag na **Go Games** ná cinntiú go bhfaighidh gach imreoir taithí ar bheith ag imirt i raon suíomhanna imeartha i rith cluiche.

Tugann sé seo bunús maith d'fhorbairt na scileanna teicniúla uile agus tugann sé éagsúlacht agus spéis don chluiche. Faigheann imreoirí ciall agus tuiscint ar a bheith ag imirt i raon suíomhanna, straitéis atá níos fearr ná a bheith brúite isteach i suíomh amháin ó aois óg.

Ligeann sealáíocht imreoirí freisin do chóitseálaithe imreoirí a mheaitseáil i dtéarmaí a gcumas agus a bhforbartha fisiciúla srl.

## Cothrom na Féinne (Spórtúlacht) – Bun-Eiteas

Ba cheart do chóitseálaithe agus do réiteoirí imreoirí a theagasc maidir le rialacha na gcluichí éagsúla. Ag deireadh na gcluichí, ba cheart do chóitseálaithe, imreoirí agus do réiteoirí uile lámha a chroitheadh lena chéile. Ba cheart freisin aitheantas a thabhairt don chion tairbhe atá déanta ag an réiteoir, .i. buíochas a ghabháil leis an réiteoir. Ligeann an Cúrsa Réiteoirí Óga de chuid na 'Go Games' do dhaltáí ról réiteora a ghlacadh orthu féin sna cluichí seo. Bealach iontach é do dhaltáí ról an réiteora a fhoghlaim mar aon leis an luach atá ag cothrom na Féinne. I rith mhíonna an tsamhraidh, is féidir na daltaí seo a fheiceáil ag déanamh réiteoireachta ar na "Go Games" ag leath-ama i rith Chraobhchomórtas na hÉireann. (Féach an rannóg ar OSPS)

## Cluichí Leataobhacha – An Gá le Cothromaíocht

Ó pheirspictíocht chothrom na Féinne de, tabharfar spreagadh do chóitseálaithe athruithe a dhéanamh i gcluichí atá leataobhach chun coimhlintí atá réasúnta a chinntiú. De ghnáth, ní bhíonn mórán foghlama ná taitnimh le baint as cluichí leataobhacha do cheachtar den dá fhoireann, ná do na himreoirí féin. Is iad seo a leanas na hathruithe is féidir a dhéanamh: imreoirí a bheith ag babhtáil suíomhanna agus/nó taobhanna srl.



# 13 CORPOIDEACHAS

Clár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

NOTAI AN MHUINTEORA

## Rialacha 'Go Games':

Tugann an rannóg seo forbheathnú ar na rialacha atá in úsáid in 'Go Games'. Ba cheart iad seo léirmhíniú go ciallmhar, ag cur san áireamh i gcónaí an fhealsúnacht agus na prionsabail atá mar bhuntaca do na 'Go Games' .i. cinntiú go bhfaigheann imreoirí taithí ar rannpháirtíocht iomlán, go bhfaigheann siad cothrom na Féinne, go bhforbraíonn siad a bpoitéinseal iomlán agus gur féidir leo bheith ag glacadh páirte i réamhphleanáil. Tugann an tInnéacs Profála don Toghchái (FP) míosúr den mhéid a seachadaíonn aonaid CLG orthu seo.



### Achoimre

Aois	Faoi-8	Faoi-10	Faoi-12
Imeoirí	7 in aghaidh na foirne	9 in aghaidh na foirne	11 in aghaidh na foirne
Toisí na Páirce Imeartha	45m x40m	65m x40m	100m x40m
Croisanna	3 Chrios	3 Chrios	Níl aon Chrios Ann
Fad	4 x 7 nóiméad	4 x 8 nóiméad	2 x 20 nóiméad
Sliothar	Saghas 1	Saghas 2	Saghas 3
Imirt amuigh Pháirc	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ar an Talamh ar fad</li> <li>Cosc ar Ruathar Aonair</li> <li>Cosc ar Chiceáil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ar an Talamh ar fad + Beir agus Buail/Ardaigh</li> <li>Beir agus Buail</li> <li>Cosc ar Ruathar Aonair</li> <li>Cosc ar Chiceáil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beir agus Buail</li> <li>Ardaigh agus Buail</li> <li>Cosc ar Ruathar Aonair</li> <li>Cosc ar Chiceáil</li> </ul>



### Achoimre

Aois	Faoi-8	Faoi-10	Faoi-12
Imreoirí	7 in aghaidh na foirne	9 in aghaidh na foirne	11 in aghaidh na foirne
Toisc na Páirce Imeartha	45m x30m	65m x40m	90m x 40-50m
Criosanna	3 Chrios	3 Chrios	Níl aon Chrios Ann
Fad	4 x 7 nóiméad	4 x 8 nóiméad	2 x 20 nóiméad
Liathróid	Méid 1	Méid 2	Méid 3
Imeart amuigh Pháirc	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cosc ar Ruathar Aonair</li> <li>Cosc ar Phas Doirn/Láimhe</li> <li>Piocadh suas ón talamh ceadaithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Srian ar Ruathara Aonair</li> <li>Piocadh suas ón talamh ceadaithe</li> <li>Ceathrúna Neamh-cheannascha 2, 4</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Srian ar Ruathara Aonair</li> <li>Piocadh suas ón talamh ceadaithe</li> </ul>

\*Féach ar an rannóg Acmhainní le haghaidh eolas faoi acmhainní cóitseála do liathróid láimhe agus cluiche corr.

